**Pléaráca Teo.,**
Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 574346/574882
plearaca@eircom.net
www.plearaca.ie

ealáin NA GAELTACHTA

Údarás na Gaeltachta

# Clár Litríochta & Drámaíochta 2011 - 2012

**Misean Clár Litríochta & Drámaíochta Pléaráca Teo.**

'Ceardlainn de ard chaighdeán drámaíochta agus litríochta a chuir ar fáil, scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge a chothú don todhchaí agus misneach a thabhairt do na daltaí ina gcuid cruthaitheachta féin.'

# An Ciorcal Scríbhneoireachta

Beidh Pléaráca ag leanacht ar aghaidh leis an gCiorcal arís i mbliana. I mí Deireadh Fómhar cuirfear tús le sraith ceardlanna Scríbhneoireacht Chruthaitehach ar feadh tréimhse 12 seachtainí faoin gClár Litríocht agus Drámaíocht.

Is iad Jackie Mac Donncha agus Máire Holmes na háisitheoirí a bhíonn i mbun na gceardlainn. Beirt scríbhneoirí den scoth  bhfuil aitheantas náisúnta agus idirnáisúnta bainte amach ach lena gcuid saothar scríbhneoireachta, ní iontas mar sin go bhfuil ag éirí chomh maith leis an gCiorcal do scríbhneoirí óga. Tá duaiseanna bainte amach ag cuid de bhaill an Chiorcal i gcomórtais an Oireachtais agus i gcomórtais eile le roinnt blianta anuas.

Ar ndóigh sna blianta seo tá an-éileamh ar scríbhneoirí scripte, iriseoirí agus ar úrscéalta do dhaoine óga gan a luath ach cúpla rogha.

Tabharfaidh na 12 seachtainí seo an deis duit peann a chur le pár agus ligean de do shamhlaíocht scéal gníomh nó píosa filíochta a chruthú. Le trí bliana d'fhoilsigh muid trí chnuasach scríbhneoireachta 'Tonnta' 'Tonnta Eile' agus 'Cuasnóg'.

## Scríbhneoirí Cónaitheach sna Bunscoileanna

Is iad Máire Holmes agus Gwyneth Uí Ghaora a bheidh mar áisitheoirí ar seo. Is í an aidhm atá againn ná cumadóireacht agus scríobh na Gaeilge a fheabhsú. Féinmhuinín a chruthú agus scileanna na daltaí a mhuscailt. Beidh muid inann freastal ar cheithre scoil.

## Léitheoireacht Beartla Broc

Tá sé i gceist againn leanacht le imeachtaí Bheartla Broc don bhliain amach romhainn arís. Eagrófar seisiúin léitheoireachta agus tabharfaidh Beartla Broc cuairt ar na leabharlanna agus bunscoileanna áitiúla.

Beidh muid ag tús le Turas Leabhar na Réalta i mí Deireadh Fómhair agus beidh cóisir againn aga  dheireadh le Beartla Broc mar fhear an tí.

# Féile Leabhar Bricíní

Seo féile leabhair Gaeilge do ghasúir agus déagóirí a reachtálann Pléaráca gach dara bliain i Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Beidh sé ar siúl thar deireadh seachtaine 10 & 11 Nollag. Chomh maith le díolachán leabhar beidh ceardlainn ealaíona, seisiúin léitheoireachta agus siamsaíocht.

Is é an aidhm atá le seo ná ardán a thabhairt do leabhair Ghaeilge agus an léitheoireacht a spreagadh.

**Seanscoil Shailearna, Indreabhán ar an Satharn & Domhnach, 10 & 11 Mí na Nollag.**



# Drámaíocht sna Bunscoileanna

10 scoil a bhíonn páirteach sa togra seo. Cé go bhfuil meadú ar an méid iarratais a fhaigheann muid, níl muid inann ach freastal ar an méid seo.

**Sé an córas roghnúcháin atá againn:**
Seoltar amach litir ag na scoileanna ar fad ag tús na scoilbhliana agus bíonn ar scoileanna iarratas a bheith déanta acu roimh dháta áirithe. Is iad an chéad deich iarratas a gheobhaidh áisitheoir.
Cuirfidh Pléaráca áisitheoirí drámaíochta ar fáil do na scoileanna ar feadh 10 seachtainí.

# Féile Litríochta Fuint Focal

Beidh Pléaráca ag reáchtáil Fuint Focal, deireadh seachtaine litríochta do dhéagóirí, i mí **Feabhra 2012**, in **Inis Mór, Árainn.**

*Beidh ceardlainne scríbhneoireacht chruithaitheach agus scriopt, filíocht, iriseoireacht, amhránaíocht agus siamsaíocht thar an deireadh seachtaine.*